Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023
(OR. en)

11088/23

CYBER 172
COPS 349
POLMIL 172
RELEX 796
JAIEX 39
TELECOM 214
CFSP/PESC 928
POLCOM 138
HYBRID 44
DISINFO 51

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Meitheamh 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10526/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle arna bhformheas ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Meitheamh 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 26 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### Maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais Eorpaigh

### 1. RÉAMHRÁ

1. I gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos dúshlánaí de bharr ionradh neamhdhleathach iomlán agus cogadh fogha na Rúise ar an Úcráin, tá na bagairtí ar shamhail an Aontais don chlaochlú digiteach, atá bunaithe ar chearta an duine agus atá dírithe ar an duine, tar éis éirí níos géire agus tá méadú ag teacht ar a thábhachtaí atá ceannaireacht an Aontais agus a Bhallstát maidir leis an rialachas digiteach idirnáisiúnta. Tá dlús tapa curtha le forbairt na dteicneolaíochtaí sin a bhfuil tionchar claochlaitheach acu ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí, mar shampla an Intleacht Shaorga, agus ag an am céanna is deis ollmhór é an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas don fhorbairt inbhuanaithe ar fud an domhain. Dá bhrí sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le beartas agus gníomhaíocht níos láidre, níos straitéisí, níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí de chuid an Aontais i ngnóthaí digiteacha domhanda chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aontais a dheimhniú. Tá sé sin ríthábhachtach chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. Ceanglaíonn sé ar an Aontas agus ar na Ballstáit tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcomhar le comhpháirtithe ar fud an domhain, lena dtabharfar le chéile agus lena ngiarálfar na huirlisí taidhleoireachta agus beartais uile, agus lena n-áiritheofar comhlántacht agus comhleanúnachas idir beartais inmheánacha agus sheachtracha. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit na sineirgí idir beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais a mhéadú, go háirithe i réimsí chearta an duine, na cibearshlándála, na gcúrsaí hibrideach agus na gcúrsaí digiteacha. Tugtar le tuiscint leis freisin go lorgófar sineirgí le beartais agus gníomhaíochtaí maidir le heolaíocht agus taighde, teicneolaíocht, trádáil, slándáil eacnamaíoch agus slabhraí soláthair. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin gur gá scileanna digiteacha agus rannpháirtíocht daoine óga a chur chun cinn, agus an comhar a neartú le geallsealbhóirí na sochaí sibhialta, mar shampla an saol acadúil, institiúidí cultúrtha agus eolaíocha, chomh maith leis an earnáil phríobháideach agus comhlachais ghairmiúla.

2. Bunaithe ar an dul chun cinn a baineadh amach maidir le cur chun feidhme Chonclúidí 2022 ón gComhairle[1], inar leagadh amach go soiléir prionsabail, cuspóirí agus uirlisí Thaidhleoireacht Dhigiteach an Aontais, atá bunaithe ar chearta uilíocha an duine, ar shaoirsí bunúsacha, ar an smacht reachta agus ar phrionsabail an daonlathais, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar chomhleanúnachas gach gné den taidhleoireacht dhigiteach trí shraith **gníomhaíochtaí tosaíochta** a dhéanamh.

## 2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TOSAÍOCHTA

3. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de chearta an duine, próisis dhaonlathacha agus an smacht reachta ar líne a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn díreach mar a dhéanaimid as líne, go háirithe tríd an litearthacht dhigiteach a chothú agus tríd an gcur chuige duinelárnach atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn i leith teicneolaíochtaí digiteacha, mar shampla an Intleacht Shaorga, ar feadh a saolré ar fad. I ndáil leis sin, tá gá le cur chuige rioscabhunaithe agus cleachtais díchill chuí maidir le cearta an duine, lena n-áirítear measúnuithe tionchair rialta agus cuimsitheacha ar chearta an duine, chun a áirithiú go ndéanfar dearadh, forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a ailíniú leis na caighdeáin is infheidhme maidir le cearta an duine i gcomhréir leis an bhfís maidir le daonnachas digiteach agus dínit an duine a chaomhnú.

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas, tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit aird ar leith ar chosaint chearta na ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha agus/nó imeallaithe, lena n-áirítear mná, an óige, leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas; leanfaidh siad d'aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, mar shampla an deighilt inscne dhigiteach, agus de dhlús a chur le gníomhaíocht chun cur go láidir i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar fhoras ar bith agus chun iad a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe agus cineálacha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhorais inscne, cine, tionscnaimh eitnigh nó shóisialta, reiligiúin nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó eile, míchumais, aoise, gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne. Leanfaidh réimsí tosaíochta gníomhaíochta de bheith ag díriú ar idirlíon oscailte, saor, neodrach, domhanda, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán a chur chun cinn, ar chosaint ar líne do chosantóirí chearta an duine agus ar shábháilteacht iriseoirí, ar mhúchadh an idirlín a chomhrac, ar chinsireacht ar líne agus ar fhaireachas neamhdhleathach ar líne.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide an Aontais, an 18 Iúil 2022

4. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an comhar a neartú a thuilleadh i bh**fóraim iltaobhacha agus ilgheallsealbhóra** ábhartha, agus leis na fóraim sin, trí bheith ag obair i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, féachaint an bhféadfaí an t-ualach a chomhroinnt chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar shaincheisteanna digiteacha. Chun na críche sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

(a) Neartóidh sé a acmhainneacht chun treoir shubstainteach chomhordaithe a chur ar fáil maidir le saincheisteanna digiteacha d'eagraíochtaí atá bunaithe sa Ghinéiv amhail an t**Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide** (ITU) agus an **Eagraíocht Dhomhanda Trádála** (EDT) agus comhordú a neartú i bhfóraim thábhachtacha eile ina ndéanann Foireann na hEorpa a ról a chomhdhlúthú níos mó agus níos mó sa phlé maidir le forbairt an bheartais dhigitigh, lena n-áirítear na **Náisiúin Aontaithe, oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine** (OHCHR), **Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe, UNESCO**, an **Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta** (ECFE), an **Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip** (ESCE) agus **Comhairle na hEorpa** (CoE). Ar an gcaoi sin, áiritheoidh an tAontas dlúthchomhar idir taidhleoirí ar an láthair, saineolaithe sa Bhruiséil agus i bpríomhchathracha na mBallstát, chun cur chun feidhme cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus atá duinelárnach a áirithiú i leith na digiteála agus i leith teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

(b) Seasaimh chomhpháirteacha a chur in iúl chun tionchar níos mó a áirithiú ar na próisis faoi stiúir na Náisiún Aontaithe a bheidh ar siúl sa dá bhliain atá le teacht, lena múnlófar an bealach a ndéantar na hábhair dhigiteacha a bhainistiú ar fud an domhain, go háirithe an chaibidlíocht maidir leis an g**Comhshocrú Digiteach Domhanda** (GDC) agus dlúthchomhar le **Toscaire Teicneolaíochta na Náisiún Aontaithe** go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le Cearta an Duine agus leis an tsamhail ilgheallsealbhóra um Rialachas Idirlín atá oscailte cuimsitheach díláraithe. Ní mór rannchuidiú an Aontais le GDC a chomhlánú go comhsheasmhach le for-rochtain le comhpháirtithe na bpobal ilgheallshealbhóra.

(c) Ról an Aontais san **Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide** (ITU) a neartú, trí spriocanna straitéiseacha a shoiléiriú, go háirithe i bhfianaise na Comhdhála Lánchumhachtaí in 2026, seasaimh chomhordaithe a fhorbairt, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le comhpháirtithe eile i gComhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT), go háirithe maidir le caighdeánú teileachumarsáide, lena n-áirítear na glúine a bheidh ann amach anseo, mar shampla 6G, cumarsáid agus forbairt raidió, for-rochtain thrasréigiúnach a dhéanamh agus gealltanas ITU a chur chun cinn mar chuspóir straitéiseach chun nascacht uilíoch fhónta a bhaint amach lena n-urramaítear cearta an duine agus saoirsí bunúsacha; agus comhar a mhéadú i measc Bhallstáit an Aontais a ndéantar ionadaíocht orthu i gComhairle ITU. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas freisin comhordú san **Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú** (ISO) agus fóraim eile socraithe caighdeán a neartú chun a áirithiú go bhforbróidh teicneolaíochtaí nua ar bhonn caighdeán idir-inoibritheach agus/nó oscailte.

(d) Seasaimh chomhordaithe an Aontais a lorg maidir le h**iarrthóireachtaí** sna toghcháin do sheasaimh straitéiseacha i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta.

(e) Oibriú le comhpháirtithe in **G7** chun slándáil na mbonneagar criticiúil digiteach a threisiú, saorshreabhadh sonraí lena ngabhann iontaoibh a chur chun cinn agus borradh a chur faoi athléimneacht slabhraí soláthair domhanda TFC; rannchuidiú a thuilleadh le spriocanna **G20** maidir le cumais theicniúla a roinnt le tíortha i mbéal forbartha.

(f) Páirt ghníomhach a ghlacadh agus dul chun cinn substainteach a dhéanamh i dtreo comhaontú uaillmhianach maidir leis an ríomhthráchtáil i gcomhthéacs na h**Eagraíochta Domhanda Trádála (EDT)**, lena n-áirítear rialacha maidir le saorshreabhadh sonraí lena ngabhann iontaoibh; páirt ghníomhach a ghlacadh, in éineacht le comhaltaí eile, i gclár oibre ríomhthráchtála na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus an moratóir ar dhleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha a dhéanamh buan.

(g) Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iltaobhacha mar dhlúthchuid de na **Comhpháirtíochtaí Digiteacha agus d'idirphlé ábhartha eile** le tíortha ar fud an domhain d'fhonn teacht ar chomhthoil maidir le seasaimh an Aontais agus príomhphrionsabail a chur chun cinn atá mar bhonn taca faoi chreat rialála an Aontais féin.

(h) Seasaimh chomhordaithe a fhorbairt **a bhaineann le hailtireacht an rialachais Idirlín**. Ag aithint di a thábhachtaí atá saincheist agus amlíne chriticiúil na bpróiseas atá ar na bacáin a bhaineann le rialachas Idirlín, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún (le cúnamh ó fhóraim saineolaithe, mar shampla an Grúpa Ardleibhéil maidir le Rialachas Idirlín), agus ar na Ballstáit – trí na comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, a dtoscaireachtaí – díriú ar na príomhfhóraim ilgheallshealbhóra seo a leanas: Áirítear leis sin tacaíocht ghníomhach ón gCorparáid Sannta Ainmneacha agus Uimhreacha Idirlín (ICANN) maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, mar shampla cobhsaíocht, slándáil agus idir-inoibritheacht idirlín a áirithiú; comhordú feabhsaithe sa **Chruinniú Mullaigh Domhanda maidir leis an tSochaí Faisnéise** (WSIS+ 20) in 2025; agus comhordú chun a áirithiú gurb é **Fóram maidir le Rialachas Idirlín** (IGF) feabhsaithe an príomhardán domhanda le haghaidh idirphlé digiteach ilgheallsealbhóra tar éis 2025, chun tacaíocht a choinneáil don idirlíon oscailte, domhanda, saor, idir-inoibritheach agus díláraithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs na caibidlíochta le haghaidh **Comhshocrú Digiteach Domhanda**. Ba cheart deiseanna a fhiosrú a thuilleadh chun dul i dteagmháil leis an gComhghuaillíocht Saoirse ar Líne (FOC).

5. Iarann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí, agus ar na Ballstáit an gréasán de **chomhpháirtíochtaí déthaobhacha agus réigiúnacha** a bhfuil tábhacht straitéiseach leo a ghiaráil trí chomhpháirtíocht fheabhsaithe agus trí chomhar feabhsaithe: na Comhairlí Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe agus idir an tAontas Eorpach agus an India; na Comhpháirtíochtaí Digiteacha leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré, le Singeapór, agus ceann a bheidh ann amach anseo le Ceanada, an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, agus leanúint de chinn nua a shainaithint agus a fhorbairt, tráth a mbeidh, agus i gcás go mbeidh, siad ábhartha ó thaobh straitéise de. Maidir lena bhfuil ar bun ag an Aontas chun **saorshreabhadh sonraí lena ngabhann iontaoibh** a chur chun cinn, áirítear ar na príomhghnéithe go bhfuil an tAontas ag féachaint le comhrialacha trádála digití a shocrú leis an Astráil, leis an India, leis an Indinéis, leis an Téalainn agus ag féachaint le dul i mbun caibidlíochta, más féidir, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór i dtaobh na trádála digití, agus freisin dul i mbun caibidlíochta leis an tSeapáin maidir le gealltanais i ndáil le sreafaí sonraí trasteorann. Trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gcomhpháirtíochtaí sin, féadfaidh an tAontas a bheith ina cheannaire agus ina rogha comhpháirtí maidir le forbairt, caighdeánú agus rialachas teicneolaíoch domhanda agus maidir le **teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** a chur in úsáid ar bhealach slán mar shampla leathsheoltóirí, intleacht shaorga, 5G agus 6G, cáblaí sonraí fomhuirí, ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí candamacha.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le caighdeáin chun teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt agus a úsáid. Mar a luadh ag an gceathrú cruinniú Aireachta in Luleå na Sualainne, i bhfianaise a ghasta atá an teicneolaíocht ag forbairt, tá an tAontas agus na Stáit Aontaithe tiomanta don chomhar eatarthu a dhoimhniú maidir le saincheisteanna teicneolaíochta, lena n-áirítear an intleacht shaorga, 6G, ardáin ar líne agus candam.

7. Tá an tAontas faoi réir le dlús a chur leis an rannpháirtíocht agus leis an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna trí tharraingteacht agus ábharthacht a chur lenár dtairiscint i dtaca le riachtanais ár gcomhpháirtithe. Chuige sin, caithfear aghaidh a thabhairt ar bhearnaí digiteacha, **bonneagar poiblí digiteach** cibearshlán a chur chun cinn agus a sholáthar, agus **coimíneachtaí digiteacha** a chuidíonn le hinúsáidteacht teicneolaíochtaí nua agus sonraí a mhéadú ar mhaithe leis an tsochaí ina hiomláine, lena gcuirtear nascacht idirnáisiúnta iontaofa shlán ar fáil, mar shampla cáblaí fomhuirí agus trastíre, nó líonraí gan sreang, agus slándáil an tslabhra soláthair TFC a chur san áireamh mar ghné thábhachtach chun éiceachóras digiteach athléimneach a thógáil[2]. Le **Global Gateway**, tá sé d'acmhainn ag an Aontas tairiscint iomaíoch a chur ar fáil lena gcuimsítear infheistíochtaí úrscothacha sa bhonneagar digiteach agus réitigh agus caighdeáin theicneolaíocha a chur chun cinn ar bhealach straitéiseach, maille le hidirphlé rialála agus reachtach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an gclaochlú digiteach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na rioscaí a bhaineann leis. Mar aon le fothú acmhainneachta agus cúnamh rialála spriocdhírithe i bpríomhréimsí, mar shampla an chibearshlándáil, ardáin, sonraí, an intleacht shaorga agus an fhéiniúlacht dhigiteach, ba cheart don Aontas claochlú digiteach atá bunaithe ar chearta an duine agus atá duinelárnach a chur chun cinn. Dea-shampla de chur chuige Fhoireann na hEorpa maidir le comhar digiteach le réigiúin chomhpháirtíochta ar fud an domhain é **an Mol um Dhigitiú don Fhorbairt (D4D)**. Is díol sásaimh don Chomhairle **na pacáistí don gheilleagar digiteach** a fógraíodh leis an Nigéir, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus leis an gColóim, chomh maith le tionscnaimh dhigiteacha Global Gateway, agus iarrann sí ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar institiúidí airgeadais oibriú i gcomhréir le **cur chuige Fhoireann na hEorpa** chun cur le líon na dtionscadal digiteach de chuid **Global Gateway**[3]. Go háirithe, iarrann sí ar an m**Banc Eorpach Infheistíochta** féachaint ar fheabhas a chur ar a phunann infheistíochtaí slána nascachta digiteacha, lena n-áirítear i líonraí móibíleacha agus cáblaí fomhuirí, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den obair chun comhordú saoráidí creidmheasa onnmhairiúcháin a fhorbairt do thionscadail nascachta, lena n-áirítear in éineacht le hionstraimí maoiniúcháin comhchosúla de chuid comhpháirtithe atá ar aon intinn leo.

---

2 Féach: Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil an tSlabhra Soláthair Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (12930/22)

3 Féach liosta de thionscadail shuaitheanta Global Gateway 2023 https://international-partnerships.ec.europa.eu/publications/global-gateway-2023-flagship-projects-infographics_en

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an comhar a neartú chun dul i ngleic le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), lena n-áirítear bréagaisnéis, ó ghníomhaithe bagairtí eachtracha, go háirithe Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh atá á chur aici ar an Úcráin sa spás digiteach agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an obair laistigh den Aontas, agus le comhpháirtithe, le tríú tíortha agus le geallsealbhóirí eile, go háirithe ardáin ar líne.

9. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, agus ar na hinstitiúidí airgeadais an athléimneacht fhrithpháirteach a neartú trí fhothú acmhainneachta digití agus an comhar a fheabhsú, go háirithe trí na Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta le comhpháirtithe sna **Balcáin Thiar** agus le **Comhpháirtíocht an Oirthir**, go háirithe leis na comhpháirtithe sin a bhfuil peirspictíocht acu maidir le ballraíocht san Aontas, agus i réigiún **Chomharsanacht an Deiscirt**, agus i gcomhréir leis an gClár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar, le Tionscnamh EU4Digital Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus leis an gClár Oibre Nua don Mheánmhuir.

10. Ba ghné lárnach d'athléimneacht gheilleagar agus shochaí na hÚcráine claochlú digiteach na hÚcráine agus í á cosaint féin ar fhogha na Rúise agus is é a bheidh freisin ina cholún lárnach agus í á atógáil féin. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá athléimneacht éiceachóras TFC na hÚcráine a chothú, agus athdhearbhaíonn sí go dtacóidh an tAontas go buanseasmhach leis an Úcráin a fhad is gá.

11. I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh ag Cruinniú Mullaigh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta digití agus ar an gcomhar leis **an Afraic**, agus a áirithiú go ndéanfar infheistíocht an Aontais i mbonneagar digiteach slán san Afraic a chomhordú, ionas gur i gcomhar leis an Aontas Afracach agus le comhpháirtithe eile, an Afraic Chliste mar shampla, a dhéanfar an fothú acmhainneachta agus an tacaíocht d'fhorbairt creataí iomchuí beartais agus rialála a ullmhú, le go mbeidh leibhéal feabhsaithe comhpháirtíochta ann ó cheann ceann na mór-roinne a bheidh i gcomhréir le tábhacht an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus an Afraic.

12. Iarrann an Chomhairle ar L**íonra neamhfhoirmiúil Taidhleoireachta Digití** an Aontais leanúint leis an bplé straitéiseach maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus a chruthaíonn dúshlán i réimse na teicneolaíochta agus an bheartais dhigitigh agus iarrann sí air teacht le chéile go rialta i bhformáid mhéadaithe, lena dtabharfar isteach, de réir mar is iomchuí, comhpháirtithe Eorpacha eile atá ar aon intinn leis, mar aon le geallsealbhóirí eile agus líonraí ábhartha, agus a chomhordú le Líonra Cibear-Ambasadóirí an Aontais a neartú a thuilleadh.

13. D'fhonn cur chuige comhordaithe agus for-rochtain éifeachtach dhearfach maidir le hábhair dhigiteacha a áirithiú, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bunú **mol digiteach neamhfhoirmiúil** a chur chun cinn i dtíortha tábhachtacha comhpháirtíochta, ina n-oibríonn Toscaireachtaí an Aontais agus ionadaíochtaí Taidhleoireachta na mBallstát go dlúth le chéile ar bhealach córasach agus comhordaithe, agus páirt a ghlacadh i gcomhroinnt faisnéise agus i ngníomhaíocht maidir le saincheisteanna trasearnálacha i ndáil le forbairt dhigiteach agus theicneolaíoch. Chun na líonraí sin a úsáid go héifeachtach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit araon tús áite a thabhairt d'acmhainní taidhleoireachta digití thar lear, leanúint d'fhothú acmhainneachta a threisiú agus comhordú an Aontais maidir le hábhair dhigiteacha a fheabhsú.

14. Á haithint di an ról tábhachtach a bheadh ag earnáil na teicneolaíochta chun tacú le cuspóirí Taidhleoireachta Digití an Aontais, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí a bhféadfaí dul i mbun **idirphlé comhordaithe agus comhar struchtúrtha le tionscal na teicneolaíochta** i bpríomhréimsí straitéiseacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn agus nascacht shlán, chun cur chuige comhroinnte an Aontais a neartú, chomh maith lena nuálaíocht agus lena fhás tionsclaíoch, agus caighdeáin Eorpacha, cur chuige rialála agus díoltóirí iontaofa a chur chun cinn ar fud an domhain. Ba cheart féachaint le teacht ar chomhthuiscint agus ar fhíseanna straitéiseacha ailínithe atá bunaithe ar luachanna agus leasanna comhroinnte mar a dtagann forbairt na teicneolaíochta, an caighdeánú agus an geopholaitíocht le chéile ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don Aontas agus don tionscal araon. Ba cheart an méid sin a dhéanamh trí bhíthin an Ghrúpa Comhairligh Ghnó, mar shampla, a bunaíodh chun a áirithiú go mbeadh an earnáil phríobháideach rannpháirteach i gcur chun feidhme Global Gateway, agus freisin trí bhíthin creataí eile le haghaidh idirphlé tionsclaíoch maidir le cúrsaí digiteacha amhail na Comhairlí Trádála agus Teicneolaíochta, Comhpháirtíochtaí Digiteacha, Idirphléití agus Comhghuaillíochtaí, agus laistigh de phríomhchomhlachtaí caighdeánaithe. Ba cheart sochar a bhaint as an taithí a bheidh faighte trí rannpháirtíocht Oifig an Aontais in San Francisco le h**earnáil na teicneolaíochta**.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór don Aontas agus do na Ballstáit cur lena n-acmhainneachtaí maidir leis an taidhleoireacht dhigiteach, lena n-áirítear trí chomhar níos fearr maidir le h**uirlisí oiliúna agus comhroinnte faisnéise**, atá dírithe ar thaidhleoirí an Aontais agus na mBallstát, agus sineirgí a lorg agus dea-chleachtais a chomhroinnt idir an tAontas, na Ballstáit, an saol acadúil, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, má táthar ag iarraidh go mbeadh lámh acu i múnlú na geopholaitíochta digití. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún a áirithiú, laistigh de dhá bhliain, go mbeidh saineolas ábhartha ag oifigeach amháin ar a laghad i ngach Toscaireacht de chuid an Aontais maidir le cúrsaí taidhleoireachta digití agus go gcuirfear oiliúint ábhartha ar thaidhleoirí a phostaítear i dToscaireachtaí an Aontais mar chuid dá bpróiseas réamhphostaithe.

16. Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist sin **faoi shamhradh na bliana 2024** agus iarrann sí ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn agus leanúint de bheith ag tuairisciú go rialta don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na taidhleoireachta digití.